



Taighde. Fianaise. Gníomhú.

Achoimre Straitéise an BTS
2016-2020

Ár misean: feabhas a chur ar shláinte daoine agus ar sholáthar an chúraim sláinte

Sábhálann taighde sláinte beo daoine. Is cuid lárnach é d'fheabhsú sláinte na ndaoine agus tá sé ríthábhachtach chun cuid mhaith de chuspóirí an chórais sláinte a chur i gcrích.

Stiúrann agus tacaíonn an Bord Taighde Sláinte le taighde den chéad scoth. Cruthaímid eolas agus fianaise nua. Agus is é an ghné is tábhachtaí de ná go gcuirimid úsáid taighde, eolais agus fianaise nua i mbeartais agus cleachtais chun cinn ar mhaithe le sláinte na ndaoine agus cúram othar.

Ár mBunphrionsabail

Cloíonn an BTS le roinnt bunphrionsabal a threoraíonn ár ngníomhaíochtaí go léir:

Ionracas

Neamhspleáchas agus oibiachtúlacht

Cáilíocht agus gairmiúlacht

Trédhearcacht, cothroime agus cuntasacht

Comhoibriú

Díriú ar thorthaí agus tionchar


Luach ar airgead



Ár bhfís: daoine sláintiúla trí
thaighde agus eolas feidhmeach
den chéad scoth

Réimsí fócais agus téamaí cumasúcháin

Tá ár dtrí phríomhréimse fócais agus cumasóirí comhlántach agus idirspeách, agus díreimid orthu ag an am céanna i rith thréimhse na straitéise.



RÉIMSE FÓCAIS 1

Díriú ar dhúshláin mhóra sláinte

RÉIMSE FÓCAIS 2

Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte

RÉIMSE FÓCAIS 3

Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann

CUMASÓIR A

Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla

CUMASÓIR B

Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú

CUMASÓIR C

Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú

RÉIMSE FÓCAIS 1

Díriú ar dhúshláin mhóra sláinte

Taighde nuálaíoch atá á stiúradh ag taighdeoirí agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta le díriú ar dhúshláin mhóra sláinte sa tsochaí

Sa réimse fócais seo, tá sé mar aidhm againn eolas nua a chruthú a chabhróidh de réir a chéile le díriú ar na dúshláin mhóra sláinte sa tsochaí agus a mbeidh tionchar aige ar chúram sláinte an tsaoil amach anseo. Beidh an taighde seo nuálaíoch agus á stiúradh ag taighdeoirí. D'fhéadfadh sé a bheith i réimse ar bith atá taobh istigh de shainordú an BTS, ach é iomaíoch go hidirnáisiúnta agus feabhas mar phríomhthiománaí. Sa réimse fócais seo, beimid solúbtha agus muid ag breithniú tacaíochta do réimse níos leithne d'ábhair agus ceisteanna ná na cinn siúd atá mar thosaíocht ag an gcóras náisiúnta agus lucht ceaptha beartas d'fhonn forbairt agus míniú smaointe úra, teicnící agus modheolaíochtaí nua a spreagadh.

Is ionann an taighde seo agus infheistíocht fhadtéarmach sa saol amach anseo, agus é ag cur shíol an chaipitil intleachtúil agus dhaonna ar fáil a bheidh de dhíth ar na glúine amach anseo.

RÉIMSE FÓCAIS 2

Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte

Dearadh, déanamh agus measúnacht tuarascálacha staidéir idirghabhála cúram sláinte d'fhonn torthaí sláinte agus soláthar seirbhís sláinte a fheabhsú

Tacóidh an réimse fócais seo le dearadh, déanamh agus measúnacht tuarascálacha staidéir idirghabhála cúram sláinte d'fhonn torthaí sláinte agus soláthar seirbhís sláinte a fheabhsú. Tá sé mar thoradh ar infheistíocht an BTS sa bhonneagar le deich mbliana anuas gur féidir le taighdeoirí in Éirinn tuarascálacha staidéir agus trialacha idirghabhála ardchaighdeán a dhéanamh. Tá an réimse seo dírithe ar athrú fionnachtana agus eolas taighde go praiticiúil ina mbealaí nua cóireála othar, soláthair cúraim nó athraithe iompraíochta. Is céim riachtanach iad idirghabhálacha cúram sláinte, trialacha san áireamh, d'aistriú fionnachtana taighde ina bhfeabhsuithe sláinte agus seirbhísí sláinte. D'fhéadfadh tuarascálacha staidéir idirghabhála a bheith bunaithe in ospidéal nó sa phobal, agus d'fhéadfaidís táirgí leighis, gnáthaimh, gléasanna, cóireálacha iompraíochta, cúram coiscitheach nó muirear seirbhíse a chuimsiú.

Pé áit ar cuí, cuimseoidh tuarascálacha staidéir idirghabhála atá tacaíthe ag an BTS anailís costas agus sonraí ar chur i bhfeidhm.

RÉIMSE FÓCAIS 3

Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann

Taighde, eolas agus fianaise atá tiomáinte ag comhpháirtíocht agus a fhreastalaíonn ar riachtanais chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann

Díreoidh an tríú réimse fócais go sainráite ar riachtanais taighde agus fianaise chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann. Beidh gníomhaíochtaí sa réimse fócais seo ó dhearcadh níos gearrthearmaí agus níos feidhmí ná gníomhaíochtaí a dtacaítear leo i Réimse Fócais 1. Anuas air sin, dearfar agus déanfar an obair sa réimse fócais seo ar bhealach a bhreithníonn riachtanais na bpáirtithe leasmhara sa chóras sláinte. Díreoidh giniúint taighde, eolais agus fianaise atá á dtiomáint ag comhpháirtíocht ar bhearnaí fianaise agus riachtanais an chórais sláinte go gearrthéarmach agus go meántéarmach. Beidh príomhról ag úsáideoirí taighde agus eolais sna seirbhísí sláinte i sainmhíniú agus tosaíocht a dhéanamh de cheisteanna agus ábhair, agus i gcur i gcrích an taighde agus scaipeadh na dtorthaí.

Is dócháil go mbeidh tionscadail taighde a mhaoinítear sa réimse fócais seo níos giorra ná na cinn a mhaoinítear i Réimse Fócais 1 agus cuirfidh siad an comhthéacs feidhmithe agus glactha san áireamh, le hanailísí costas, lucht saothair agus inghlachtacht san áireamh, pé áit ar cuí. Cé go gcaithfidh taighde ardchaighdeán a bheith i gceist, is é an príomhthiománaí a bheidh sa réimse fócais seo ná riachtanais an chórais sláinte sa lá atá inniu ann, seachas cruthú eolais nua don saol amach anseo.

CUMASÓIR A

Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla

Tacú leis na taighdeoirí, tallann agus ceannaireacht den chéad scoth atá de dhíth orainn chun taighde sláinte ardchaighdeán a dhéanamh agus fianaise a chruthú

Gné ríthábhachtach de chur i gcrích rathúil chuspóirí an BTS ná lucht saothair taighde ardoilte. Tá gá ag taighde sláinte le tallann, saineolas agus intleachtacht réimse leathan daoine - cliniceoirí, gairmithe sláinte, eolaithe, eolaithe sóisialta, eipidéimeolaithe, eacnamaithe sláinte, staitisticeoirí agus tuilleadh nach iad. Chomh maith le smaintíocht a chruthú agus taighde a dhéanamh, cinnteoidh lucht saothair ardoilte go mbeidh taighde agus fianaise comhtháite le beartais agus cleachtais, cás a fheabhsóidh cinnteoireacht agus torthaí sláinte i ndeireadh na dála.

Idir seo agus 2020, leanfaimid d'infheistíocht a dhéanamh i gcláir oiliúna Ph.D. den chéad scoth ar mhaithe leis na daoine is fearr a thabhairt isteach i dtaighde sláinte. Cuirfimid deiseanna ar fáil do thaighdeoirí iardhochtúireachta agus imscrúdaitheoirí nua leanúint dá dtaighde. Tacóimid le ceannairí atá in ann taighde a chur chun cinn sa chóras sláinte, agus spreagfaimid ár bpobal taighde le naisc idirnáisiúnta a fhorbairt. Mar aitheantas ar an gcaoi go roinntear an fhreagracht as oiliúint agus forbairt gairme agus go mbíonn gá le hionchur ó chuid mhór páirtithe leasmhara, oibreoimid leis an gcóras ardoideachais in Éirinn agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus comhlachtaí gairmiúla oiliúna chun cur chuige comhordaithe a fhorbairt i leith acmhainn a fhorbairt i dtaighde sláinte in Éirinn.

CUMASÓIR B

Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú

Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú do thaighde sláinte in Éirinn

Tá gá le timpeallacht dhearfach chumasúcháin chun taighde sláinte a athrú go tairbhí sochaíocha eacnamaíocha. Ar na saintréithe ba chóir a bheith ag baint leis seo, tá dea-chomhordú idir an córas agus an tionscal cúram sláinte; áiseanna agus bonneagar den chéad scoth; córais chuí chun sonraí a bhainistiú; tacaíocht rialaitheach agus bheartais; cur chuige comhordaithe agus inchreidte i leith tosaíochtaí taighde a dhearbhu; agus cultúr a aithníonn othair agus an pobal mar chomhpháirtithe sa phróiseas taighde sláinte.

Ina theannta sin, mar thoradh ar fhócas méadaithe ar shineirgí idir gníomhaireachtaí Eorpacha agus náisiúnta, tá sé ag éirí níos tábhachtaí go ndéanfaidh an BTS a ghníomhaíochtaí a ailíniú agus a chomhordú le gníomhaíochtaí a chomhpháirtithe Eorpacha.

Idir seo agus 2020, beidh an BTS ag cur na ceannaireachta straitéisí atá de dhíth chun an clár oibre náisiúnta taighde sláinte a mhúnlú ar fáil. Agus leanfaimid d'infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar taighde ar mhaithe le feabhas, mais chriticiúil agus comhordú a chur chun cinn ar fud an chórais. Go hidirnáisiúnta, leanfaimid de thacú lenár bpobal taighde agus iad a spreagadh le bheith páirteach in Horizon 2020 agus cláir Eorpacha taighde eile, agus leanfaimid dár gcuid a dhéanamh i dtionscnaimh Eorpacha a imríonn tionchar ar an timpeallacht taighde sláinte.

CUMASÓIR C

Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú

Leibhéil feidhmíochta eagrúcháin den chéad scoth a bhaint amach agus a chothú

D'fhonn ár straitéis a chur i gcrích ar bhealach a uasmhéadaíonn a thionchar agus a thairbhí, cuirfidh an BTS lena bhuanna chun a dhaoine, struchtúir, scileanna agus a phróisis a ailíniú lenár gcuspóirí straitéiseacha.

Ní hamháin go mbaineann sí seo leis an obair a dhéanaimid, ach leis an gcaoi ar féidir linn í a fheabhsú chomh maith. Leanfaimid d'fheabhsú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibrímid - trí obair láidir foirne, réiteach nuálaíoch fadhbanna agus ceannaireacht shofhreachach.

Agus muid ag díriú go héifeachtach ar an tosaíocht seo, cruthóimid agus coinneoidh próisis shimplí éifeachtacha, déanfaimid teagmháil chuí le páirtithe leasmhara, leanfaimid bealaí cuir chuige nuálaíocha i leith planáil agus soláthar seirbhíse, agus cinnteoidh go ndéanfar cinntí i bhfianaise an eolais is fearr atá ar fáil. Feabhsóimid agus cuirfimid na meicníochtaí cuí i bhfeidhm chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an méid a dhéanaimid agus mar a dhéanaimid é. Má bhaintear feabhas eagraíochtúil amach, cinnteofar go mbeidh an BTS aitheanta mar cheannaire taighde sláinte in Éirinn agus go bhforbróidh muintir na hÉireann tuiscint ar an tionchar a bhíonn ag taighde sláinte ar shaol na ndaoine agus ar chur ar fáil cúram sláinte.

An Bord Taighde Sláinte
Teach Mhic Reachtain
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

An Bord Taighde Sláinte
Teach Mhig Reachtain
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

t +353 1 234 5000
f +353 1 661 2335
r hrb@hrb.ie
sg www.hrb.ie

🐦 @hrbireland

Íoslódáil agus féach ar
an Straitéis iomlán ag
www.hrbstrategy.ie